# **An Gnáthrud** *le Déirdre Ní Ghrianna.*

**Téama an scéil:**

Baineann an scéal seo le foréigean i gcodarsnacht le saol an teaghlaigh. Is gearrscéal nua-aimseartha é ina fhaighimid léargas cumasach ar "Thrioblóidí" an Tuaiscirt. Is fear mór clainne é Jimmy atá sásta ar fad lena bhean chéile. Is é tragóid an scéil go maraítear fear ionraic mar Jimmy. Mar a dhéantar sa ghearrscéal nua-aimseartha, dírítear ar smaointe an phríomhcharachtair gan miontuairiscí a thabhairt ar a shaol.

B'fhéidir gur thréig teaghlach Caitliceach an teach a cheannaigh Jimmy agus Sarah, mar deirtear linn go raibh sé dúnta suas le fada. Seans gur Protastúnaigh iad mar tá an cúpla ainmnithe i ndiaidh Bhanríona Shasana agus a deirfiúr, Elizabeth agus Margaret. B'fhéidir gurbh é sin an "fáth" a raibh tóir ar Jimmy bocht.

**Carachtair an scéil:**

**Jimmy:** Ní thugann an scríbhneoir mórán sonraí dúinn ar shaol Jimmy, ach díríonn sí ar a smaointe inmheánacha agus tugann sí léargas paiteanta dúinn ar an saghas duine atá ann. Is fear **ciallmhar, aibí** é Jimmy a bhfuil **grá mór aige** dá bhean chéile agus dá pháistí. Agus é sa bheár, bhí sé ag smaointiú ar a chlann agus ag iarraidh iad a fheiceáil. Is léir gur duine **tuisceanach, goilliúnach** é. Shocraigh sé ar chuidiú lena chara Billy nuair a fuair sé amach nach raibh ag éirí leis ar an láthair tógála. Ina theannta sin, mhothaigh sé trua do Liz sa bhialann Shíneach. Is **dea-dhuine** amach is amach é nach n-ólann barraíocht agus a oibríonn go crua dá theaghlach.

**Sarah:** Is bean **óg, álainn** í Sarah a thugann aire maith dá páistí. Feicimid gur duine **réasúnta** í, mar ligeann sí dá fear chéile dul amach ag ól agus í faoi strus sa bhaile. Is léir gur bhean **bhródúil** í chomh maith, mar nár mhaith léi go sílfí go raibh a fear faoi shlat aici. Léirítear í mar **mháthair mhaith** a bhfuil teach breá, cluthar ullmhaithe aici dá clann óg.

**Codarsnacht:**

Feictear roinnt samplaí de codarsnacht ghéar sa ghearrscéal seo:
- Idir cúram Jimmy agus fuarchúis na bpótairí sa bheár.
- Idir dínit Jimmy agus drochbhéas na ndéagóirí sa bhialann.
- Idir grá Jimmy dá chlann agus leithleachas an duine a thréig Liz.
- Idir foréigean na bhfear a mharaigh é agus croí grámhar Jimmy.

**Barúl:**

Thaitin an gearrscéal cumhachtach seo go mór liom. Léirítear uafás agus éadóchas shaol Bhéal Feirste sna "Trioblóidí" go paiteanta. Is aoibhinn liom carachtar Jimmy – Is léir gurbh iad Sarah agus a pháistí an chloch is mó ar a phaidrín. Glacann sé lena churaimí go dáiríre, agus taitníonn sin liom. Tá meas ag an léitheoir air agus sin an fáth a scanraíonn críoch an scéil muid. Is é marú tobann Jimmy buaic an ghearrscéil seo. Tarlaíonn sé gan choinne do Jimmy agus don léitheoir araon. Is dúnmharú barbartha é mar gur fear deas síochánta é nach bhfuil dochar ar bith ann.